

PREASEISIÚINT

Lainseálann an tAE Bliain Eorpach an Aosaithe Gníomhaigh agus Dlúthpháirtíochta idir na Glúiní: Bí páirteach!

Cóbhanhávan, 18 Eanáir 2012. Inniu, tosaíonn Bliain Eorpach an Aosaithe Gníomhaigh agus Dlúthpháirtíochta idir na Glúiní, le comhdháil dhá-lae i gCóbhanhávan, á heagrú ag an Choimisiún Eorpach agus ag an Uachtaránacht Dhanmhargach ar an AE. Tá sí ina haidhm ag an Bhliain Eorpach tuiscint a leathnú ar an aosú gníomhach, go háirithe i ngné an Oideachais, rannpháirtíochta sa tsochaí agus maireachtála neamhspleách na sean. Spreagfaidh an Bhliain Eorpach na páirtithe leasmhara agus an lucht déanta beartas chun tiomantais a shocrú sna gnéithe seo agus chun gníomhú láidir a dhéanamh.

Raonaíonn na tiomantais seo ó athleasú dlí (m.sh. constaicí a bhaint a choisceann fostú leanúnach na sean), go hanailís nó díospóireacht phoiblí, tuiscint a leathnú, nó tosaíochtaí gníomhaithe a aithint. Mar shampla, is féidir le cathracha clárú le clár na gcathracha a thacaíonn le Daoine Breacaosta atá ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte; is féidir le comhlachtaí coinníollacha oibre a fheabhsú d'oibrithe níos sine; is féidir le heagraíochtaí shochaí sibhialta deonaithe sinsearach a spreagadh. Is é suíomh idirlín na Bliana Eorpaigh an áit gur féidir na tiomantais sin a phoibliú agus inspioráid a fháil ó rudaí atá ar siúl in áiteanna eile. Ag deireadh na bliana, aithneofar na tiomantais is rathúla ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Dúirt László Andor, Coimisinéir Fostaíochta, Chúrsaí Sóisialta agus Cuimsitheachta an AE: “Cuidíonn aosú gníomhach le daoine níos sine fanacht ar obair agus a gcuid taithí a roinnt. Cuidíonn sé leo páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí agus maireachtáil chomh neamhspleách sláintiúil comhlíonta agus is féidir. Tá an t-aosú gníomhach riachtanach lenár sprioc fostaíochta 75% a bhaint amach agus le 20 milliún daoine a tharraingt den bhochtanas roimh 2020. Iarann an Bhliain ar ghníomhú i ngnéithe éagsúla – fostaíocht, cosaint shóisialta, oideachas agus oiliúint, sláinte agus seirbhísí sóisialta, tithíocht agus bonneagar poiblí”.

Tá daonra an AE ag aosú. Ó 2012, Tosóidh daonra na haoise oibre ag íslíú, mar a ardóidh líon na ndaoine thar 60 bliain d'aois go géar, le níos mó ná dhá mhilliúin daoine in aghaidh na bliana. Is toradh é an t-athrú déimeagrafach seo de ghlúin mór an bhabaíbhorrtha ag teacht go haois an scoir. Is í thart faoi 40 bliain an mheán-aois san Aontas Eorpach, ach roimh 2060, ardófar é go 47. D'ardaigh cuid den daonra a bhfuil 55 bliain nó níos mó acu ó 25% i 1990 go 30% i 2010, agus meastar go mbainfidh sé 40% amach roimh 2060. Faraor, ní hamháin go bhfuil na hEorpaigh ag maireachtáil níos faide. Tá siad níos sláintiúla freisin ná riamh, rud a chruthaíonn achmhainneacht thábhachtach don tsochaí agus don gheilleagar.

Clúdaíonn An Bhliain Eorpach 2012 trí ghnéithe an aosaithe gníomhaigh:

- Aosú gníomhach san fhostaíocht. Chun oibrithe níos sine a choinneáil i bhfostaíocht, caithfidh feabhsú a bheith ann ar choinníollacha oibre agus ar a n-oiriúnú do stádas sláinte agus riachtanais na n-oibrithe níos sine, ag nuashonrú a gcuid scileanna trí rochtain a chinntiú ar fhoghlaím ar feadh an tsaoil agus ar athbhreithniú chóras cánach agus sochair le cinntiú go mbeidh spreagadh ann le bheith ag obair níos faide.
- Rannpháirtíocht sa sochaí. Ag feabhsú na ndeiseanna do sheandaoine cur leis an tsochaí mar dheonaithe nó mar chúramóirí teaghlaigh agus páirt a ghlacadh sa tsochaí, ag seachaint an leithlisithe sóisialta agus cuid mhór de na fadhbanna agus na contúirtí a bhaineann leo.
- Saol neamhspleách. Cur chun cinn na sláinte agus cúram choiscitheach trí rudaí a uasmhéadóidh blianta sláinte an tsaoil agus a choiscfidh spleáchas chomh maith leis an timpeallacht (foirgnimh poiblí, infreastruchtúr, iompar, foirgnimh) a dhéanamh níos aois-oiriúnaí, ag cuidiú le seandaoine fanacht chomh neamhspleách agus is féidir.

Cúlra

I rith Bhliain Eorpach an Aosaithe Gníomhaigh agus Dlúthpháirtíochta idir na Glúiní, beidh na céadta gníomhaíochtaí, tionscadal agus eachtraí cumarsáide ar siúl agus go gcuirfear chun cinn ag leibhéal AE agus náisiúnta.

- Cuirfidh Comhdháil Lainseála an BE 2012, i gCóbhanhávan, fócas ar an dóigh a dtig le nuálaíocht réitigh úra a thabhairt sa tsochaí ar dhúshláin shochoaí aosaithe na hEorpa i ngnéithe na fostaíochta, na sláinte agus na gcúrsaí sóisialta. I measc na gcainteoirí: László Andor, Coimisinéir na Fostaíochta, gCúrsaí Sóisialta agus Cuimsitheachta agus John Dalli, Coimisinéir Sláinte agus Pholasaí Tomhaltóirí, Mette Frederiksen, Aire Dhanmhargach an Oideachais, Sotiroula Charalambous, Aire Saothair agus Árachais Shóisialta, an Chipir agus Karen Hækkerup, Aire Dhanmhargach Chúrsaí Sóisialta agus Iomlánaithe agus páirtithe leasmhara.
- Comhdháil BE2012 na nIriseoirí (comhdháil d'iriseoirí a bheas ar siúl i mí Mhárta 2012 sa Bhrúiséil)

- Ceadóidh eachtraí éagsúla do pháirtithe leasmhara a bheith páirteach agus cur le haosú gníomhach agus rannpháirtíocht idir na glúiní fud fad an AE. Ag deireadh na bliana, aithneofar sár-éachtaí ag searmanas bronnta Eorpach.

Eochairdhátaí agus eochaireachtraí a bhaineann le hAosú Gníomhach:

- 18/19 Eanáir: Comhdháil Lainseála BE2012 i gCóbhanhávan
- Eanáir/Feabhra: Comhdhálacha Lainseála Náisiúnta
- 14 Feabhra: Fóram ar BE2012 eagraithe ag Coiste na Réigiún sa Bhrúiséil
- Márta: Comhdháil Meáin “Ag Tuairisciú ar aosú agus ar rannpháirtíocht idir na glúiní” sa Bhrúiséil
- 7 Aibreán: Lá Domhanda na Sláinte ar Shláinte agus Aosú
- 29 Aibreán: Lá Eorpach na Rannpháirtíochta idir na Glúiní (eachtraí idirghluine a spreagadh ar scoileanna sna seachtainí roimh agus i ndiaidh 29 Aibreán)
- 4 Meitheamh: Comhdháil ar “Deá-rialachas d’Aosú Gníomhach agus Sláintiúil” sa Bhrúiséil
- 19/20 Meán Fómhair: Comhdháil Aireach CENAE ar Aosú i Vín
- 1 Deireadh Fómhair: Lá Idirnáisiúnta na Sean
- 4 Mí na Samhna: Fóram Eorpach an déimeagrafaigh
- Mí na Samhna: Searmanas Bronnta sa Bhrúiséil
- Mí na Nollag: Comhdháil Deiridh sa Chipir

Le níos mó eolais a fháil:

[Official website for the European Year](#)

[Homepage of László Andor, European Commissioner for Employment, Social Affairs and Inclusion](#)

Breathnaigh fosta ar:

[Special Eurobarometer 378: Active Ageing \(Report and Factsheets\)](#)

[Comparative information on EU member states in IP/12/16
and in the MEMO/12/10](#)

[Eurostat news release](#)

Foilseacháin:

[Eurostat brochure - Active ageing and solidarity between generations – a
statistical portrait of the European Union 2012 \(PDF\)](#)

[How to promote active ageing in Europe - EU support to local and regional
actors \(PDF\)](#)

[European Year for Active Ageing and Solidarity between Generations 2012
\(PDF\)](#)

Físeáin:

[Video clip on the European Year - Never to old ...](#)
[Video animation on pensions](#)

[Ar ócáid lainseála na Bliana Eorpaigh 2012 tá an chéad fhís 26 bomaite de
bheirt cruthaithe ag Seirbhísí Chlósamhairc Chumarsáid DG.](#)

Teagmhálaithe:

Andrea Ricciarelli, ICWE GmbH
Tel: +49 (0)30 310 18 18 43
Fax: +49 (0)30 324 98 33
andrea.ricciarelli@icwe.net

Cristina Arigho:
+32 2 298 53 99
Cristina.Arigho@ec.europa.eu